

Faisnéis do pháirtithe in imeachtaí faoi Choinbhinsiún an 25 Deireadh Fómhair 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí (ar a dtugtar ‘Coinbhinsiún 1980’ thíos)

Moltar duit páirt a ghlacadh in idirghabháil ag an am céanna leis na himeachtaí cúirte faoi Choinbhinsiún 1980. Cabhróidh an idirghabháil leat an t-aighneas a réiteach eadraibh féin le cabhair idirghabhálaithe oilte a bhfuil taithí acu. Ní dhéileálfar sna himeachtaí cúirte ach leis an gceist cé acu a bheidh nó nach mbeidh ar na leanaí filleadh ar a dtír thionscnaimh; ní bhreithnítear caomhnóireacht ná rochtain. Mar sin féin, laistigh de raon feidhme na hidirghabhála, beidh an deis agat labhairt faoi na fadhbanna go léir ar mhaith leat iad a réiteach. Ina theannta sin, is mó ama a bheidh agat san idirghabháil ná san éisteacht chúirte.

D’ainneoin an aighnis mhóir idir na páirtithe, is minic a bhíonn tuismitheoirí in ann teacht ar réitigh cairdiúil san idirghabháil. Leis an idirghabháil, is féidir réiteach a aimsiú ar réimse leathan fadhbanna gan buaiteoirí ná cailliúnaithe a bheith ann. Ar an gcaoi sin, laghdaítear an t-ualach ar na leanaí freisin.

Ní gá duit a bheith buartha go n-úsáidfear sa chúirt aon rud a déarfadh tú le linn na hidirghabhála. Tá an idirghabháil faoi rún. Ní chuirtear an chúirt ar an eolas faoina ndúradh san idirghabháil ach a mhéid a thóilíonn na páirtithe leis sin.

Próiseas deonach atá san idirghabháil, agus ní tharlaíonn an idirghabháil mura dtoilíonn an bheirt pháirtithe leis sin. Ní mór duit íoc as an idirghabháil, ach ná déan dearmad gur rud é a bhaineann le do leanaí. Anuas air sin, soláthraítear féidearthachtaí maithe leis an idirghabháil a d’fhéadfadh cabhrú leat costas imeachtaí cúirte amach anseo a sheachaint.

Má bhíonn ceisteanna agat, is féidir teagmháil a dhéanamh le:

Bundesamt für Justiz Zentrale Behörde Referat II 3 An tUasal Andreas Folb 53094 Bonn Teileafón: 0049 228/ 99 410 5212 Facs: 0049 228/ 99 410 5401 Ríomhphost: int.sorgerecht@bfj.bund.de Idirlíon: www.bundesjustizamt.de	MiKK e.V. Ionad Idirghabhála Idirnáisiúnta um Choimhlint Teaghlaigh agus Fuadach Leanaí Fasanenstraße 12 10623 Beirlín Teileafón: 0049 30/74 78 78 79 Ríomhphost: mediation@mikk-ev.org Idirlíon: www.mikk-ev.org
--	--

Tá liosta ainmneacha agus seoltaí idirghabhálaithe oilte le fáil a bhfuil taithí acu ar an gcaomhnóireacht idirnáisiúnta agus ar chásanna fuadaigh faoi Choinbhinsiún na Háige. D’fhéadfadh sé go mbeifeá in ann aghaidh a thabhairt freisin ar fhadhbanna airgeadais a d’fhéadfadh teacht chun cinn. Ar deireadh, is féidir leis an gcúirt teaghlaigh cabhrú leat idirghabhálaí a roghnú.

Iarrann an chúirt ort machnamh cúramach a dhéanamh ar an gcomhairle sin a luaithe is féidir. Má tá dlíodóir agat, ba cheart labhairt leis nó léi a luaithe is féidir. Mar gheall ar an achar gairid roimh an éisteacht chúirte, ní mór duit cinneadh a dhéanamh go tapa cibé acu atá nó nach bhfuil tú réidh chun tabhairt faoin idirghabháil.

An chúirt dúiche – an chúirt teaghlaigh